**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2311 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 21 Deireadh Fómhair 2022**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 153/2013 a mhéid a bhaineann le bearta éigeandála sealadacha maidir le ceanglais chomhthaobhachta**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ([1]), agus go háirithe Airteagal 46(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 153/2013 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos caighdeáin theicniúla rialála maidir leis na ceanglais ar chontrapháirtithe lárnacha glacadh le comhthaobhacht fhíorleachtach lena mbaineann riosca fíoríseal creidmheasa agus margaidh.

(2) Mar thoradh ar na forbairtí polaitiúla agus margaidh atá tarlaithe le déanaí, tá méadú mór tagtha ar phraghsanna agus ar luaineacht sna margaí fuinnimh, rud atá tar éis contrapháirtithe lárnacha a spreagadh le méaduithe éarlaise a dhéanamh chun na neamhchosaintí gaolmhara a chumhdach. Mar thoradh ar na méaduithe éarlaise sin, tá na contrapháirtithe neamhairgeadais faoi bhrú leachtachta, ós rud é gurb iondúil go mbíonn níos lú sócmhainní leachtacha acu chun na ceanglais éarlaise a chomhlíonadh. Dá bharr sin, cuirtear iallach ar na contrapháirtithe neamhairgeadais sin a suímh a laghdú nó iad a fhágáil gan fálú go cuí, rud a nochtann iad d'éagsúlacht bhreise maidir le praghsanna.

(3) Chun feidhmiú rianúil mhargaí airgeadais agus fuinnimh an Aontais a áirithiú faoi na cúinsí atá ann faoi láthair agus chun an brú leachtachta ar chontrapháirtithe neamhairgeadais atá gníomhach ar mhargaí rialaithe gáis agus leictreachais a dhéantar a imréiteach i gcontrapháirtithe lárnacha atá bunaithe san Aontas a mhaolú, ba cheart an comhthiomsú comhthaobhachta incháilithe atá ar fáil do chomhaltaí imréitigh neamhairgeadais a leathnú go sealadach chun ráthaíochtaí bainc neamh-chomhthaobhaithe a chur san áireamh.

(4) D'fhonn srian a chur ar an mbrú leachtachta atá tugtha faoi deara ar mhargaí na ndíorthach fuinnimh, ba cheart don chontrapháirtí lárnach ráthaíochtaí a bhíonn á n-eisiúint ag eintitis phoiblí nó a dtacaíonn na heintitis sin leo a mheas freisin mar chomhthaobhacht incháilithe le haghaidh contrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais, ós rud é go bhfuil riosca creidmheasa contrapháirtí íseal ag baint leis na ráthaíochtaí sin, go bhfuil siad neamh-inchúlghairthe neamhchoinníollach, agus gur féidir iad a urramú laistigh de thréimhse leachtaithe phunann an chomhalta imréitigh mainneachtana, rud a fhágann gur teoranta an riosca leachtachta a bhaineann leo.

(5) Meastar go mbeidh teorainn fós leis na rioscaí a bhaineann le leathnú na comhthaobhachta incháilithe chuig ráthaíochtaí bainc neamh-chomhthaobhaithe agus ráthaíochtaí poiblí, ós rud é go mbeadh an leathnú faoi réir choimircí bainistithe riosca an chontrapháirtí lárnaigh agus go mbeadh feidhm fós ag na ceanglais eile is infheidhme, mar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 153/2013.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 153/2013 a leasú dá réir sin.

(7) Chun teorainn bhreise a chur leis na rioscaí a bhaineann le ráthaíochtaí bainc neamh-chomhthaobhaithe a ghlacadh le haghaidh comhaltaí imréitigh neamhairgeadais agus le ráthaíochtaí poiblí a ghlacadh le haghaidh comhaltaí imréitigh airgeadais agus neamhairgeadais mar chomhthaobhacht, ba cheart na bearta sin a bheith de chineál sealadach agus ba cheart iad a dheonú ar feadh thréimhse 12 mhí, rud a thabharfaidh faoiseamh do rannpháirtithe sa mhargadh agus a spreagfaidh iad chun filleadh ar na margaí.

(8) I bhfianaise na bhforbairtí sa mhargadh le déanaí, is gá an comhthiomsú comhthaobhachta incháilithe atá ar fáil do chomhaltaí imréitigh neamhairgeadais a leathnú a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.

([1]) IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 153/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála a bhaineann leis na ceanglais ar chontrapháirtithe lárnacha (IO L 52, 23.2.2013, lch. 41).

(9) Tá an Rialachán seo bunaithe ar dhréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí, tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás Baincéireachta Eorpach, leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach agus leis an gCóras Eorpach Banc Ceannais.

(10) Ní dhearna ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, ná ní dhearna sé anailís ar na costais agus sochair fhéideartha, mar go mbeadh sé sin thar a bheith díréireach le raon feidhme agus tionchar na leasuithe a bheidh le glacadh, agus cineál práinneach agus raon feidhme teoranta na n-athruithe atá beartaithe á gcur san áireamh. I bhfianaise phráinn an ábhair, níor iarr ESMA comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Cuirfear an Grúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí ar an eolas faoi sin de bhun na forála sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 153/2013 mar a leanas:

(1) In Airteagal 39, cuirtear an dara mír seo a leanas isteach:

“Go dtí an 29 Samhain 2023, chun críocha Airteagal 46(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, measfar gur comhthaobhacht fhíorleachtach iad ráthaíochtaí poiblí a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I.”;

(2) in Airteagal 62, an dara mír, cuirtear an abairt seo a leanas leis:

“Ní bheidh feidhm, áfach, ag Roinn 2, mír 1, pointe (h), d’Iarscríbhinn I i leith idirbhearta a dhéantar ar dhíorthaigh, dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointí (b) agus (d), de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ón 29 Samhain 2022 go dtí an 29 Samhain 2023.”;

(3) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

---

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 153/2013, cuirtear isteach an Roinn 2a seo a leanas:

*"ROINN 2a*

***Ráthaíochtaí poiblí***

Go dtí an 29 Samhain 2023, ráthaíocht phoiblí nach gcomhlíonann na coinníollacha maidir le ráthaíocht bainc ceannais a leagtar amach i Roinn 2, mír 2, ní mór di na coinníollacha uile seo a leanas a chomhlíonadh atá le glacadh mar chomhthaobhacht faoi Airteagal 46(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012:

(a) déanann aon cheann díobh seo a leanas í a eisiúint nó a ráthú go sainráite:

(i) rialtas láir sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE);

(ii) rialtais réigiúnacha nó údaráis áitiúla in LEE, i gcás nach bhfuil aon difríocht ó thaobh riosca de idir neamhchosaintí rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil agus neamhchosaintí rialtas láir an Bhallstáit sin mar gheall ar na cumhachtaí sonracha tiomsaithe ioncaim atá ag rialtais réigiúnacha agus údaráis áitiúla, agus mar gheall ar shocruithe institiúideacha sonracha a bheith ann arb é is éifeacht dóibh a riosca mainneachtana a laghdú;

(iii) an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais, an Sásra Cobhsaíochta Eorpach, nó an tAontas, i gcás inarb infheidhme;

(iv) banc forbartha iltaobhach mar a liostaítear faoi Airteagal 117(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) agus atá bunaithe san Aontas;

(b) is féidir leis an gcontrapháirtí lárnach a léiriú go bhfuil riosca creidmheasa íseal aige bunaithe ar mheasúnú inmheánach arna dhéanamh ag an gcontrapháirtí lárnach;

(c) tá sí ainmnithe i gceann de na hairgeadraí seo a leanas:

(i) airgeadra ar féidir leis an gcontrapháirtí lárnach a léiriú do na húdaráis inniúla ina leith go bhfuil sé in ann an riosca a bhaineann leis a bhainistiú go leormhaith;

(ii) airgeadra ina n-imréitíonn an contrapháirtí lárnach idirbhearta, laistigh de theorainn na comhthaobhachta a theastaíonn chun neamhchosaintí an chontrapháirtí lárnaigh san airgeadra sin a chumhdach;

(d) tá sé neamh-inchúlghairthe neamhchoinníollach, agus ní féidir leis na heintitis eisiúna agus ráthaíochta brath ar aon díolúine ná cosaint dhlíthiúil nó chonarthach chun cur i gcoinne íoc na ráthaíochta;

(e) is féidir í a urramú laistigh de thréimhse leachtaithe phunann an chomhalta imréitigh mainneachtana ag a bhfuil sí á cur ar fáil gan aon srian rialála, dlíthiúil ná oibríochtúil ná aon éileamh tríú páirtí ina leith.

Chun críocha phointe (b), úsáidfidh an contrapháirtí lárnach, agus an measúnú dá dtagraítear sa phointe sin á dhéanamh aige, modheolaíocht shainithe agus oibiachtúil nach mbeidh ag brath go hiomlán ar thuairimí seachtracha."

(*) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).